Gaelscoil Bhrian Bóroimhe,
Coill na n-Úll,
Sord,
Co. Átha Cliath
K67 T3H2

Scoil Idirchreidmheach

Fón: 8902799
www.gsbb.ie
oifig@gsbb.ie
U.R. 20095C

20-03-24

A thuismitheoirí, a chaomhnóirí, a chairde

Tá súil agam go bhfuil sibh go léir go maith agus ag súil le laethanta Saoire na Cásca agus leis an gCoinín Cásca.

Roinnt eolas daoibh:

Beidh **Banna Ceoil na Scoile** ag seinm ag an *Memory Café* in Club Fhine Ghallainn amárach 21ú Márta idir 10:30 agus 12:30. Táimid fíor bhródúil astu agus tá cleachtadh dian curtha isteach acu le seachtainí anuas. Beidh roinnt damhsóirí den scoil ann chomh maith.

Our banna ceoil na scoile will play at the Memory Café in Fingallians tomorrow March 21st between 10:30 and 12:30. We are so proud of them and their diligent work and practice over the past few weeks. Some of our young dancers will step it out too tomorrow.

Beidh gasúir ón scoil i mbun **Rith Trastíre** amárach, 21ú Márta. Guíonn muid chuile rath orthu agus táimid buíoch as na múinteoirí Niamh Ní Mhurchú agus Muirne a bhíonn i mbun traenála leo.

Our young athletes will take part in Cross Country Racing tomorrow the 21st. We wish them all the best and we are thankful to múinteoirí Niamh Ní Mhurchú and to Muirne who train with them on a weekly basis.

Beidh an scoil ag dúnadh leathlae an Aoine beag seo, an 22ú Márta do Laethanta Saoire na Cásca. Beidh páistí don bhus ag imeacht ag 12:00, beidh na naíonáin le bailiú ó chlós na naíonáin ag 12:05; beidh na páistí a bhéas ag siúl abhaile ag dul amach an príomhdoras ag 12:10 agus scaoilfear leis na páistí a bhíonn á mbailiú ag 12:15. Iarrann muid oraibh an oifig a chur ar an eolas faoi aon duine do na naíonáin a bhéas ag dul abhaile ar an mbus. Cuir an múinteoir ranga ar an eolas má tá do pháiste ag dul abhaile aon bhealach as an ngnách.

The school will close a half day this Friday the 22nd for the Easter Holidays. The buses will depart the school at 12:00, the junior and senior infant classes are to be collected from their normal yard at 12:05, children who walk or scoot home will leave by the usual front door at 12:10 and the remaining children who are to be collected will leave the school at 12:15 being picked up as normal. Please inform Linda in the office if ANY of the infants will be going home on school buses this day. Please inform the relevant class teacher is your child has alternative arrangements for getting home on Friday.

Beidh an scoil ag athoscailt ar an Luan an 8ú Aibreán.

School will reopen Monday the 8th of April.

Ba mhaith linn Comhghairdeachas ollmhór a dhéanamh le Comhairle na nDaltaí faoi stiúr Cian agus Ana a rinne gaisce ag ullmhú gníomhaíochtaí do Choicís na Gaeilge. Bhí alán gníomhaíochtaí ar siúl idir thráth na gceist, biongó, comórtaisí, toraíocht taisce, céilí, damhsaí ar an gclós, seanfhocail, drámaíochta srl. Bhí Comhairle na Scoile seo ag obair le Comhairle na nDaltaí an SETNS agus bhain muid uilig fíor sult as na gníomhaíochtaí go léir. Is féidir dul ar X na scoile @GSBB_Sord nó ar ár suíomh scoile chun chuile píosa nuachta a fháil https://www.gsbb.ie/news/school-news/

We would like to congratulate our student's council under the guidance of Cian and Ana for all their hard work and preparations in organising various events for Seachtain na Gaeilge. The council worked with the council from SETNS to organise tráth na gceist, biongó, competitions, treasure hunts, céilí, dances on the yard, seanfhocail, drámaíocht etc. All events have been snapped on the school camera and can be accessed on the school X @GSBB_Sord or on the school website https://www.gsbb.ie/news/school-news/

Ba mhaith linn Comhghairdeachas a rá leis an dá R3 a chuaigh chun stáitse lena dráma **An Lampa Staire** mar chuid d'Fhéile Choirm. Bhíodar ar fheabhas agus thángadar abhaile le 3 ghradamh. Táimid buíochas as Ana, Ailín, Aodán agus Seán a réitigh iad go hiontach.

*We would like to congratulate both R3 for their fantastic performance of their Drama **An Lampa Staire** on stage in Clasach, as part of the Coirm Festival. They were unbelievable and brought home 3 awards. We are thankful to Ana, Ailín, Aodán and Seán for all their hard work and preparations.*

Comhghairdeachas eile ag dul chuig an dá Rang a 5 a ghlac páirt sa mBleaist Eolaíochta san RDS le déanaí. Bhíodar ar fheabhas ar fad agus bhíodar le feiceáil ar lch X Cúla4 (féach siar ar ár X féin agus ar an suíomh do na griangraif).

Congratulations also to both R5 who took part in the Science Blast in the RDS. They had a great day and were snapped by the Cúla 4 camera. You can access the feature on our X feed, photographs from the day can be viewed on our website.

Bhain gasúir na scoile sult as Ceardlainn Drumadóireachta le déanaí chomh maith leis an ndráma Sceitimíní ó High Rock Productions.

Children from the school enjoyed recent Drumming Workshops and a Drama by High Rock Productions.

Tháinig criú teilifíse ón gcomhlacht Macalla chun na scoile inniu chun labhairt le gasúir ó Rang 4 Tara faoi chlár staire ar TG4. Mhol siad Gaeilge na ngasúir chomh maith lena spioraid scoile.

We had some visitors from the TV comp any Macalla today to Rang 4 Tara. They were very impressed by the Gaeilge of the páistí and commented on their fun loving natures and excellent feedback to their history show.

Bhí dream ón NCCA ar scoil inniu ag taifead leis an dá R5. Bhíodar féin chomh tógtha leis an scoil, leis na háiseanna atá ar fáil agus leis na gníomhaíochtaí go léir a dhéantar leis na gasúir. Mhol siadsan atmasféar dearfach, páiste lárnach na scoile seo. Feiceann siad go bhfuil na gasúir thar a bheith sona agus ag foghlaim in suíomh sábháilte spraíúil.

Visitors and cameras from the NCCA visited both Rang 5 today. They were so impressed with the school, with our resources and enjoyed the activities our children partake in on a daily basis as part of the active and playful learning. They commented on the lovely school atmosphere, child centered, friendly and caring. It's great for outsiders to observe our children learning in a happy and safe environment.

Polasaí deonach faoi fóin do pháistí bhunscoile / *Voluntary Opt-in Smartphone Policy:*

Mar a bhí luaite ag na cruinnithe ranga, tá obair leanúnach ar siúl againn le scoileanna eile sa cheantar (21 scoil san iomlán) chun polasaí deonach comónta a bhunú faoi úinéireacht d'fhóin chliste. Ta áthas orm a chur in iúl daoibh go mbeidh na scoileanna áitiúla ar fad ag seoladh na bpolasaithe sin ar an 10ú Aibreán. Ag an bpointe sin cuirfear polasaí os comhair tuismitheoirí na scoile seo agus iarrfar oraibh foirm a líonadh (ar bhonn anaithnid) ag insint go mbeidh/ nach mbeidh sibh sásta tacú leis an bpolasaí nó a insint dúinn má tá fóin ag do pháiste cheana féin. Táimid ag súil, go dtacóidh na tuismitheoirí dá chéile agus dúinne, agus go dtiofaidh árdú ar líon na bpáistí in árdranganna nach bhfuil fóin chliste acu de réir a chéile.

Mar chuid den tionscnaimh seo, tá sé eagraithe go mbeidh an Dochtúir Colman Noctor ag labhairt le tuismitheoirí ó na scoileanna go léir ar an 9ú aibreán i Holywell Educate Together ó 7 – 9 san oíche. Tá 25 ticéid curtha ar fail d'ár scoil. Tá se i gceist agam 5 cinn a thabhairt do Chairde na Scoile agus 20 cinn a chur ar fáil do thuismitheoirí na scoile. Más spéis leat dul ann agus má ta tú saor ar an oíche, le do thoil líon amach an fhoirm seo roimh 12:00 ar an Aoine beag seo. Ag an bpointe sin roghnófar 20 duine go randamach agus gheobhaidh siad ticéad trí ríomhphost.

As previously mentioned during our class level meet and greet with teachers, the school are working on an ongoing basis with other schools in the locality (21 in total) to agree a common voluntary opt-in policy regarding phone ownership for the children in our Primary Schools. I am delighted to inform you that this opt-in policy will be launched by all schools involved on the 10th of April. On that day parents will receive the policy and be asked to indicate (anonymously) whether you are/are not wiling to support the policy or whether indeed your child already has a smartphone. The aim is that the number of children with smartphones in senior classes will gradually decrease over time as parents support each other and ourselves by agreeing a common approach.

As part of this endeavor, it has been arranged that Doctor Colman Noctor will speak to parents on the 9th of April in Holywell E.T. between 7-9 (flyer in the email!).We have 25 tickets to distribute in GBB. 5 tickets will be given to Cairde na Scoile and the remaining 20 will be available to a random selection of interested parents. If you would like to attend the event and are free to attend, please fill out this form before 12 noon this coming Friday. At that point all interested parents will be included in a raffle. Those who are selected will revceive an email with a ticket.

Rud beag faoi na fóin… molann muid go láidir go ndéanfar seic rialta ar fóin bhur ngasúir go háirithe má tá siad ar na meáin shóisialta. Meabhraigh dóibh faoi bPUI a shínigh siad ag tús na bliana agus na rialacha scoile a bhaineann le fóin. Labhair leo faoi shábháilteacht agus ceart úsáid fóin. Tá alán tacaíocht do thuismitheoirí ag Webwise https://www.webwise.ie/parents/

A note about the phones… please check your child's phone on a regular basis especially if they are on social media. Remind them about the AUP they signed at the beginning of the school year and about our school rules. We urge you to chat openly about safety issues and the correct use of phones. Webwise has lots of useful information and tips for parents at https://www.webwise.ie/parents/

Sin é go fóilleach.

Ag guí Cáisc sona sábháilte lán seacláid oraibh go léir.

Le gach dea-ghuí

Pádraig agus Sharon